Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 26 Meán Fómhair 2025
(OR. en)

8029/25
COR 1

LIMITE

AELE 29
RECH 155
ATO 21
MI 218
CH 15

PUBLIC

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0086 (NLE)**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht Chónaidhm na hEilvéise i gcláir de chuid an Aontais |

Cuirfear an leathanach atá i gceangal leis seo in ionad leathanach EU/CH/Prótacal 2/ga 10.

(b) ainmnithe ag Comhairle na hEagraíochta Idirnáisiúnta Fuinnimh Comhleá ITER mar bhaill foirne shinsearacha (pointe (d) d'Airteagal 6(7) de Chomhaontú ITER);

(c) ina mbaill foirne atá ar iasacht ó Euratom chuig an Eagraíocht Idirnáisiúnta Fuinnimh Comhleá ITER (Airteagal 7(2) de Chomhaontú ITER);

(d) fostaithe go díreach ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Fuinnimh Comhleá ITER trí cheapacháin ag a hArd-Stiúrthóir (Airteagal 7(2) agus pointe (b) d'Airteagal 7(4) de Chomhaontú ITER);

(e) ainmnithe ag Euratom mar ionadaithe do Choiste Stiúrtha na nGníomhaíochtaí Cur Chuige Níos Leithne agus do Choistí Tionscadail na nGníomhaíochtaí Cur Chuige Níos Leithne (Airteagail 3 agus 5 den Chomhaontú maidir le Cur Chuige Níos Leithne);

(f) ainmnithe ag an gCoiste Stiúrtha mar bhaill foirne na Rúnaíochta (Airteagal 4 den Chomhaontú maidir le Cur Chuige Níos Leithne);

(g) ar iasacht ó Euratom chuig na Gníomhaíochtaí Cur Chuige Níos Leithne, i.e. mar bhall d'fhoirne tionscadail nó mar cheannairí tionscadail (Airteagal 6 den Chomhaontú maidir le Cur Chuige Níos Leithne).

3. Cuirfidh Euratom an Eilvéis ar an eolas, i scríbhinn, má bhíonn leasú le déanamh ar Chlár ITER, ar Chomhaontú ITER, ar an gComhaontú maidir le Cur Chuige Níos Leithne nó ar an gComhaontú maidir le Pribhléidí agus Díolúintí ITER.